Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Samhain 2016
(OR. en)

14775/16
ADD 1

**Comhad Idirinstitiúideach:
2016/0360 (COD)**

EF 351
ECOFIN 1096
CCG 12

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 23 Samhain 2016 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2016) 850 final Iarscríbhinn 1 |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann le TOGRA LE hAGHAIDH RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 i dtaca leis an gcóimheas giarála, an cóimheas glanchistiúcháin chobhsaí, na ceanglais maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe, an riosca creidmheasa contrapháirtí, an riosca marcaí, na neamhchosaintí ar chontrapháirtithe lárnacha, na neamhchosaintí ar ghnóthais chomh-infheistíochta, na neamhchosaintí móra, na ceanglais tuairsicithe agus nochta agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2016) 850 final Iarscríbhinn 1.

---

Faoi iamh: COM(2016) 850 final Iarscríbhinn 1

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 23.11.2016
COM(2016) 850 final

ANNEX 1

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann le**

**TOGRA LE hAGHAIDH RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 i dtaca leis an gcóimheas giarála, an cóimheas glanchistiúcháin chobhsaí, na ceanglais maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe, an riosca creidmheasa contrapháirtí, an riosca marcaí, na neamhchosaintí ar chontrapháirtithe lárnacha, na neamhchosaintí ar ghnóthais chomh-infheistíochta, na neamhchosaintí móra, na ceanglais tuairsicithe agus nochta agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012**

{SWD(2016) 377 final}
{SWD(2016) 378 final}

# IARSCRÍBHINN

(1) Leasaítear Iarscríbhinn II mar a leanas:

(a) i bpointe 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e):

"(e) roghanna rátaí úis;";

(b) i bpointe 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

"(d) roghanna airgeadra;";

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 3:

"Conarthaí de shamhail na gconarthaí sin i bpointí 1(a) go (e) agus i bpointí 2(a) go (d) den Iarscríbhinn seo maidir le hítimí nó innéacsanna tagartha eile. Áirítear leis sin ar a laghad gach ionstraim a shonraítear i bpointí 4 go 7, 9, 10 agus 11 de Roinn C d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2014/65/AE nach n-áirítear ar shlí eile i bpointe 1 ná i bpointe 2 den Iarscríbhinn seo.".